

☘ An Lúibín ☘

21 Iúil 2020

Cúlú go hathfhás: Gaeilge na hAlban (1)

Scottish Gaelic is in deep trouble even in its last traditional redoubt, the Western Isles. Some Scottish politicians have called for the greater use of Gaelic in the public and economic spheres. Gaelic now has a language act and a language board, and a growing body of urban speakers. Will this suffice?

Siombail de chuid na hAlban is ea Gaeilge na tíre sin – teanga nach bhfuil á labhairt faoi láthair ach ag 1% den daonra agus ar beag an meas atá ag cuid den phobal uirthi. Deirtear gur deacair d’Albain teacht ar bhealaí chun a féiniúlacht a chur in iúl. Cinnte, tá Rabbie Burns ann agus an Edinburgh Military Tattoo, gan trácht ar an mbreacán. Ach dealraíonn sé nach leor a leithéidí chun Albain a dhéanamh suntasach: caithfidh sí a teanga féin a bheith aici – ceann atá difriúil leis an mBéarla nó leis an Albainis féin. Tionscadal oifigiúil é agus ní féidir gan cuimhneamh ar shiombaileachas na Gaeilge in Éirinn.

Ach tá staid na teanga go dona. Sin an tuairim atá curtha in iúl ag an tionscadal taighde Soillse in Ollscoil na nGarbhchríoch agus Inse Ghall, agus Éireannach, an tOllamh Conchúr Ó Giollagáin, ina cheannas. Deir na taighdeoirí gur gearr go mbeidh deireadh le húsáid na Gaeilge ina lán pobal áitiúil agus go caithfear feidhm a bhaint as dóigheanna an-nua chun meath na teanga a bhacadh. Murach sin, ní beidh sa Ghaeilge ach teanga scoile. Iarrachtaí siombaileacha is mó atá á déanamh faoi láthair, agus ní mór gréasáin cainteoirí a chur ar bun.

Dúirt daonáireamh 2011 sa Bhreatain go raibh 57,375 cainteoir Gaeilge in Albain (1% den daonra). Ní raibh léamh agus scríobh na teanga ach ag 32,400 duine acu. In Inse Ghall Thiar (Na h-Eileanan Siar) a bhí formhór na gcainteoirí (52%), agus bhí roinnt bheag sna Garbhchríocha (5%), in Earra-Ghàidheal agus Bòd (4%) agus in Inbhir Nis (4%). Bhí cainteoirí eile le fáil sna cathracha, go háirithe i nGlaschú - 5,878 duine, nó 10% den iomlán.

Níl ach timpeall 11,000 duine ag labhairt Ghaeilge na hAlban go laethúil – figiúr an-íseal. Tá an chuid is mó acu ina gcónaí in Inse Ghall agus iad ina gcainteoirí bunaosta. Tá a lán daoine eile ann, agus daoine óga ina measc, atá in ann Gaeilge a labhairt ach nach mbaineann feidhm aisti go minic – rud a chuirfeadh Gaeltacht na hÉireann i gcuimhne duit. Spreag an scéal seo beirt pholaiteoirí (Kate Forbes agus Alasdair Allen) chun a rá go bhfuil sé thar am an teanga a chur chun tosaigh i gcúrsaí pobail agus geilleagair.

Dúirt Forbes go bhfuil rogha ag gach eagraíocht sna rannóga poiblí agus príobháideacha cuidiú le neartú nó le lagú na teanga. Dúirt sí go bhféadfadh an cúpla bliain atá romhainn cor ceart a chur sa scéal. Dúirt Allen go gcaithfidh cainteoirí Gaeilge a gcion féin den obair a dhéanamh chun an seanbhrú a bhí orthu féin agus ar na glúine rompu tús áite a thabhairt don Bhéarla. Ba chóir dóibh gan géilleadh chomh minic sin do lucht an Bhéarla.

Tá bonneagar stáit ann. Rith Pairlimint na hAlban Achd na Gàidhlig (Alba) (2005) d’aon ghuth chun go mbeadh Gaeilge na hAlban bonn ar aon leis an mBéarla. Ní fhágann seo go gcaithfear an chóir chéanna a chur ar an dá theanga i gcónaí nó go gcaithfear seirbhísí Gaeilge a chur ar fáil i ngach cás. Ligeann an tAcht do Bhòrd na Gàidhlig tabhairt ar fhorais phoiblí leanann teanga a ullmhú.¹ Is é Bòrd na Gàidhlig foras oifigiúil na teanga, ach tá a cheanncheathrú in Inbhir Nis in oirthear na tíre, áit ar beag an Ghaeilge atá le cloisteáil ann. Tá an Bòrd cáinte as an iomarca béime a chur ar mhúineadh na Gaeilge ar scoil seachas ar í a úsáid i gcúrsaí pobail agus cultúir. Dealraíonn sé, áfach, go bhfuil Comhairle Inse Ghall ag treisiú leis an teanga le tamall anuas. Is í bunteanga na scoileanna anois í agus áitítear gurb í príomhtheanga oifigiúil na Comhairle í. Tá clár printíseachta do chaoga duine ann faoi choimirce na Comhairle agus iallach orthu Gaeilge a úsáid.

In Éirinn tá gréasáin chathrach na Gaeilge ag leathnu de réir a chéile agus iad i bhfad níos beoga ná an méid atá fágtha den Ghaeltacht thraidisiúnta, áit a bhfuil an Ghaeilge beagnach tréigthe ag an aos óg mar theanga laethúil. Tá tús na ngréasán sin le fáil i nDún Éadain agus i nGlaschú, agus tá buntáiste acu: an óige.

Le léamh:

¹ Scottish Gaelic Language Plan 2016-2021: [https://www.gov.scot/publications/scottish-government-gaelic-language-plan-2016-2021/pages/4/#:~:text=The%20Gaelic%20Language%20\(Scotland\)%20Act%202005%20was%20passed%20by%20the,for%20the%20future%20of%20Gaelic.](https://www.gov.scot/publications/scottish-government-gaelic-language-plan-2016-2021/pages/4/#:~:text=The%20Gaelic%20Language%20(Scotland)%20Act%202005%20was%20passed%20by%20the,for%20the%20future%20of%20Gaelic.)

Severin Carrell, 'Scottish politicians call for urgent action to stop Gaelic dying out,' *The Guardian*, 5/7/20: https://www.theguardian.com/uk-news/2020/jul/05/scottish-politicians-call-for-urgent-action-to-stop-gaelic-dying-out?CMP=Share_iOSApp_Other=



Bíonn sé ina shaor: Donnchadh Ó Giolla Phádraig

Donnchadh Ó Giolla Phádraig was a typical Irish chieftain of the 13th century: he lived by the sword and died by it. He also liked to reconnoitre incognito and was remembered for it in a popular quatrain.

In iontráil de chuid *Annála na gCeithre Máistrí* don bhliain 1249, faighimid cuntas ar Dhonnchadh Ó Giolla Phádraig, tiarna a raibh tailte aige i gContae Chill Chainnigh agus i gContae Laoise. Mharaigh agus chreach sé na Gaill (coilínigh de shliocht Angla-Normannach) é, agus faoi dheireadh mharaigh na Gaill eisean. Faoin am sin, ar ndóigh, bhí na Gaill úd fite fuaite i saol na tíre.

Is cuid suntais é an Donnchadh seo toisc go dtéadh sé amach ag brath na mbailte margaidh agus é i mbréagriocht mar bhochtán, saor, tornóir (i.e. deileadóir), file nó ceannaí. Tá a leithéidí eile le fáil i scéalta ar fud an domhain. Cumadh burdún ina thaobh a bhfuil blas chaint na ndaoine air. Mar seo a iontráil sna hAnnála (1249).²

Donnchadh Ó Giolla Phádraig .i. mac Anmchadha mhic Dhonnchaidh d'Osraíbh do mharbhadh le Gallaibh. Do dhlig Gaill é sin, óir ba mhór do mharbh, do loisc agus do léirigh díobh go sin. Ba é an Donnchadh seo an treas Gael ba mhó do fhoghladh orthu, .i. Conchúr Ó Maoileachlainn, Conchúr na gCaisleán Mac Cochláin agus Mac Anmchadha .i. an Donnchadh seo. Óir is é do théadh do bhrath na mbailte margaidh i gcruth duine bhoicht nó saoir nó tornóra nó [fir] ealaíona, nó do dhéanamh ceirde ceannaí, anhail dúradh:

*Bíonn [sé] 'na shaor, bíonn 'na thornóir,
bíonn mo lao 'na leabhróir;³
bíonn ag reic fíona is craicinn,
mar a bhfaiceann sé searmóin.⁴*



Ateangairí Gaeilge 1740-1922

In a testimony to the strength of Irish even among the well-to-do, interpreters were widely used in courts and politics in both the 18th and 19th centuries. They were used because they were needed: such a service was expensive. They shed light on the tenacity of the language.

Ní bheadh ateangairí ann mura raibh gá leo. B'fhíor an méid sin maidir le hateangairí Gaeilge in Éirinn: tugann an líon díobh a bhí ar fóstú in Éirinn léargas beag ar a raibh de dhaoine ann i ngach aicme nach raibh Béarla acu nó nach raibh muinín acu sa chúpla focal a bhí acu. Tá léiriú sa mhéid sin freisin ar an méid Gaeilge a thug imircigh thar sáile leo, fiú na ndaoine a raibh beagán de mhaoin an tsaol acu.

Bhí gá le hateangairí i gcúrsaí polaitíochta agus sna cúirteanna, agus ní beag an costas a bhain leo. Bhí feidhm á baint astu chomh déanach leis na 1850idí i gContae Chiarraí, Contae Thiobraid Árann, Contae an Chláir, Contae na Gaillimhe, Contae Shligigh agus Contae an Chabháin.

I gcúrsaí polaitíochta bhí baint ag an scéal le haicme na vótálaithe, go háirithe tar éis 1829. Bhí ar vótálaithe contae maoin 40 scilling a bheith acu roimh 1829 agus bhí slua ann. D'ardaigh a líon ó 700 in 1803 go dtí 13,000 in 1815 i nGaillimh, agus ó 1,700 go dtí 16,000 i dTiobraid Árann. Bhí cáilíocht £10 ag teastáil in 1829 agus £12 in 1850, agus d'ainneoin ardú an luacha chuirfeadh úsáid na n-ateangairí in iúl go raibh raibh vótálaithe cluthara ann, agus nach raibh ag cuid mhaith acu ach Gaeilge. Ní ceart muinín ró-mhór a bheith againn as cáilíochtaí maoine mar chomhartha aicme, mar bhí a lán daoine ann nach raibh ceart vótála acu ach nach raibh beo bocht ach oiread. Mar sin féin, is féidir talamh slán a dhéanamh de go raibh na hateangairí ag cuidiú le vótálaithe a bhí ina suí go te.

Dúirt an dlí go gcaithfí ateangaire a sholáthar dá n-iarrfadh iarrthóir toghchánaíochta é, rud a chuidigh le tiarnaí talún vótálaithe a chruinniú chucu. D'fhéadfaidís vótáil de réir thoil an tiarna talún, de reir chomhairle an tsagairt nó de réir a dtola féin. Cuireann amhrán Corcaíoch de chuid 1841 in iúl go mbíodh spreagadh le fáil.⁵

Do mheas siad mé is fíor

² CELT: The Corpus of Electronic Texts: *Annála na gCeithre Máistrí*, M1249.10: <https://celt.ucc.ie/published/G100005C/index.html>

³ Leabhróir: *fear léinn*

⁴ Seanmóin (seanmóir): *cruinniú daoine, faoi mar a bheidís ag éisteacht le seanmóir.*

⁵ 'Amhrán an Bhocht-Aontóra' agus é luaite ag Wolf.

*Mar aon dá mbuíon fós
Do ghlacfadh breab is díol
Ar mo vote, ar mo vote*

Bhí slua ateangairí á n-úsáid i gContae Chorcaí i ndiaidh 1829. In 1857 bhí 39 n-ateangaire ag obair i dtoghchán an Earraigh ar chostas iomlán £39 i ndaicead ionad vótála. Bhí 75 ateangaire ag obair ann in 1868. Bhí ar na hiarrthóirí agus na cinn chomhairimh iad a íoc, agus ní dhéanfaidís é sin mura raibh fíorghá le hateangaireacht.

In éineacht le contaethe, bhí toghlaigh ann agus ateangairí ag obair iontu. Bhí an chuid is mó de na toghlaigh faoi smacht na saorfhear Protastúnach, ach bhí cathracha agus bailte mór ann mar a raibh ceart vótála ag saorshealbhóirí ón tuath máguaird agus mórán acu ina gCaitlicigh. Sin mar a bhí an scéal i gCorcaigh agus i Luimneach, agus i nGaillimh bhí idir shaorfhír agus saorshealbhóirí ina gCaitlicigh. Bhí ateangairí á n-úsáid sna háiteanna sin go léir.

In 1737 dúirt an Administration of Justice (Language) Act gur cheart gur Béarla amháin a d'úsáidfidís i gcúrsaí dlí. Le himeacht aimsire, áfach, lig an dlí do na hardghíúiréithe ateangairí a fhostú. Bhí daichead ardghíúiré ann agus ceann le fáil i ngach contae, gan trácht ar roinnt cathracha - Corcaigh, Baile Átha Cliath, Cill Chainnigh, Luimneach, Port Láirge, Carraig Fhearghais agus Gaillimh. Roghnaíodh an tArd-Sirriam idir dháréag agus trí dhuine is fiche de mhaithe na tíre mar bhaill den ardghíúiré. Thagaidís le chéile dhá uair in aghaidh na bliana. Shocróidís céard iad na cásanna a thabharfaí chun trialach, agus le himeacht aimsire d'éirigh siad freagrach as bóithre, príosúin, ospidéal agus eile, agus as cuid de na hoifigigh chúirte a íoc. Orthu siúd bhí na hateangairí agus a gcuid pá socraithe de réir dlí. Bailíodh an t-airgead chuige ó shealbhóirí talún agus foilsíodh na híocaíochtaí i leabhair chuntais na n-ardghíúiréithe.

Bhí breithiúna ann a shíl gur thug an ateangaireacht deis d'fhinné machnamh a dhéanamh ar an bhfreagra ba chúí agus faobhar an chroscheistithe a sheachaint. Chuirfí iallach ar chosantóirí agus ar fhinnéithe Béarla a labhairt dá sílfí go raibh beagán den teanga sin acu.

Baineadh feidhm astu i gcúirteanna seisiúin agus i seisiúin cheathrún, cé nach i gcúirteanna gearra é. In 1807 bhí ocht n-ateangaire fichead ar a laghad á bhfostú ag daichead ardghíúiré san iomlán. In 1843 ní raibh ach ocht n-ateangaire dhéag ann agus in 1898 bhí amach is isteach le naonúr ann.

Tháinig comhairlí contae in áit an chuid is mó de na hardghíúiréithe in 1898 tríd an Local Government (Ireland) Act. Ní luann an tAcht ateangairí agus iad chomh gann faoin am sin, b'fhéidir. Ar aon nós, d'íoc na comhairlí na hateangairí as sin amach.

Le léamh

- Wolf, Nicholas M. *An Irish-Speaking Island: State, Religion, Community, and the Linguistic Landscape in Ireland, 1770–1870*. University of Wisconsin Press, 2014, lgh 168-171
- Mary Phelan, 'Irish Language Court Interpreting, 1901-1922': http://doras.dcu.ie/17739/1/Irish_Language_Court_Interpreting_1901-1922_Mary_Phelan.pdf
- Phelan, Mary. *Irish Speakers, Interpreters and the Courts, 1754-1921*. Four Courts Press, 2019



An Timpeallacht

Dreigít sa tSibéir

Meteorites have been known to strike the earth. But in Siberia in 1908 one seems to have exploded in the air, flattening and burning vast areas of forest.

Téama aitheanta de chuid na scannán tubaiste is an dreigít atá ag teacht sa mhullach ar an domhan agus í ag bagairt scrios orainn. Is baol dúinn é sin i ndáiríre, cé gur fíor-annamh a thiocfadh dreigít nó a leithéid eile i ngar dúinn. Ach tharla sin in 1908 sa tSibéir agus ba mhór an seó é.

Sa chás seo is dócha gur cóiméad a bhí i gceist nó blúire mór de rinn spáis a phléasc os cionn na abhann Podkanennaya Tunguska (Подкаменная Тунгуска) i Mí an Mheithimh. Bhí cumhacht na pléisce chomh mór le deich meigeathonna ar a laghad agus b'fhéidir chomh mór le daichead meigeathonna – cumhacht bhuama hidrigine.



Pictiúr den dochar a rinne an dreigít.
Wikimedia Commons

Chonaic daoine rud mór lasánta ag siúl siar ó thuaidh. Nuair a tharla an phléasc thairfead réadlanna ar fud an domhain an tonn turrainge, agus leag an phléasc os cionn 2,000 ciliméadar cearnach d'fhoraois, gan trácht ar thine ollmhór a lasadh, rud a d'fhág dhá chéad ciliméadar cearnach dóite. Briseadh fuinneoga cúpla céad ciliméadar ón bpléasc agus ar feadh roinnt laethanta ina dhiaidh sin tugadh faoi deara deargluisne sa spéir agus scamaill thintrí. Fiú sna trí lá roimh an bpléasc, tógadh ceann d'athruithe atmaisféaraigh in Iarthar Eorpa.

Naoi mbliana ina dhiaidh sin, in 1927, chuaigh eolaithe ar an gcéad turas taiscéalaíochta chun áit na pléisce. Ní bhfuarthas iarsmaí móra, ach tháinig siad ar mhéid an-bheag de dhúile éagsúla a d'fhéadfadh baint le drigít.

Ceann de na tuairiscí is iomráití is é Semyon Semyonov a thug é. Bhí sé ina chónaí i stáisiún trádála Vanavar, áit a bhí seachtó ciliméadar ó lár na pléisce.

...go tobann rinneadh dhá leath den spéir ó thuaidh, nocht tine in airde agus go forleathan ann os cionn na coille, tine a chlúdaigh an chuid thuaidh den spéir. Ag an bpointe seo mhothaigh mé an oiread sin teasa orm gur dhóigh liom go raibh mo léine ag dul trí thine. Bhí fonn orm mo léine a réabadh agus í a chaitheamh uaim, ach phlab an spéir agus buaileadh buille mór. Caitheadh mé amach trí fheá ón bpóirse. I ndiaidh an bhuille tharla cnag, faoi mar a thit cloch den spéir nó mar a scaoil gunna urchar. Chreath an talamh, agus nuair a bhí mé i mo lú ar an talamh d'fháisc mé mo cheann ar eagla go ndéanfadh cloch mo cheann a bhloghadh. Ag an bpointe seo, nuair a d'oscail an spéir, tháinig gaoth loiscneach aduaidh faoi mar a tháinig as béal gunna, agus d'fhág sí mar a bheadh loirg ar an talamh. Ansin tharla gur briseadh an ghloine i mórán fuinneog, agus gur smiotadh laiste iarainn an ghlais i ndoirse an sciobóil.⁶

Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun rianach@optusnet.com.au.

If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to rianach@optusnet.com.au.

Dhá dhán Fhrancacha le Colin Ryan

Françoise Hardy

Seanbhean, í ina suí le daoine
nach cuimhin leo í
agus í i mbuaic a réime
scéimh na hóige is guth a d'fhógair
crá agus áthas an ghrá
le preabarnach phopcheolmhar

⁶ ...вдруг на севере небо раздвоилось, и в нём широко и высоко над лесом появился огонь, который охватил всю северную часть неба. В этот момент мне стало так горячо, словно на мне загорелась рубашка. Я хотел разорвать и сбросить с себя рубашку, но небо захлопнулось, и раздался сильный удар. Меня сбросило с крыльца сажени на три. После удара пошёл такой стук, словно с неба падали камни или стреляли из пушек, земля дрожала, и когда я лежал на земле, то прижимал голову, опасаясь, чтобы камни не проломили голову. В тот момент, когда раскрылось небо, с севера пронёсся горячий ветер, как из пушки, который оставил на земле следы в виде дорожек. Потом оказалось, что многие стёкла в окнах выбиты, а у амбара переломило железную закладку для замка двери. Гаташ, Валентина. *Тунгуска. 95 лет назад* : https://web.archive.org/web/20031112172112/http://www.znanie-sila.ru/online/issue_2216.html

í ag canadh go fóill
le scéimh na haoise
faoina dtagann le himeacht aimsire
de chiall is de bhuairt
de réir réamhfhios na reann
an grá is an bás ina béal
a croí ag dul ar deoraíocht

Páras

An chathair úd a chonaic tú
(cá mhéad bliain ó shin?)
ar éigean atá sí ar eolas agat

gan inti ach amhráin is leabhair
an tSéin ag sníomh idir chogaí
na buanna na díomuanna

ní fhillfidh tú uirthi choíche
ach filleann sí ortsa